

FOLÚNTAIS D'ANILÍSITHE SINSEARACHA

Comórtas oscailte le haghaidh ceapachán i ról mar:

Ról	Tionacht	Rannóg
Líonraí Leictreachais	Buan	Líonraí Fuinnimh & an Dí
An Comhlíonadh & an Forfheidhmiú	Buan	Uisce, an Comhlíonadh & Gnóthaí Custaiméirí
Uisce	Buan	Uisce, an Comhlíonadh & Gnóthaí Custaiméirí
Margaí Miondíola & an Mhéadracht Chliste	Téarma seasta 3 bliana	Margaí Fuinnimh & an Mhéadracht Chliste

Féadfar painéal a bhunú le haghaidh folúntais oiriúnacha eile mar Anailísí Sinsearach a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na rannóga atá liostaithe thuas.

Ag obair faoi:

Bhainisteoir an Rannáin

Post:

Buan / Téarma seasta 3 bliana

Láithreán:

Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 / An deis chun bheith ag obair ó chian suas go 3 lá sa tseachtain

Fostaithe eile

ag obair díreach chuige:

Tada

Eolas Faoin CRU

Is é An Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) an rialtóir fóntas neamhspleách d'Éirinn. Is é an misean atá againn ná leas an phobail a chosain i dtaca le huisce, le fuinneamh agus leis an tslándáil fuinnimh. Is í an fhís atá againn ná:

- Go soláthrófar fuinneamh ar bhonn sábháilte;
- Todhchaí inbhuanaithe agus éifeachtúil don fhuinneamh agus don uisce;
- Custaiméirí atá cumhachtaithe agus cosanta agus praghsanna réasúnta á n-íoc acu;
- Todhchaí slán íseal-charbóin.

An Rialáil Eacnamaíoch

Is é an CRU an rialtóir eacnamaíoch ar earnálacha leictreachais agus gáis nádúrtha na hÉireann agus ar na seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce in Éirinn. Is í an aidhm fhoriomlán atá leis an ról atá ag an CRU i ndáil leis an rialachán eacnamaíochta ná chun leasa a chuid custaiméirí a chosaint agus chun sábháilteacht agus cobhsaíocht sholáthair gháis, leictreachais agus uisce a choimeád, agus ag an am céanna saothar a dhéanamh i dtreo chomhlíonadh na ndualgas idirnáisiúnta atá againn dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Rialacháin Sábháilteachta

I measc na freagrachtaí slándála atá ag an CRU, áirítear an rialáil slándála de chonraitheoirí leictreacha, de shuiteálaithe gáis nádúrtha agus LPG agus an oibriúchán slán den líonra gáis ar tír mór ar mhaithe le cosaint a thabhairt don bheatha agus don mhaoín. Tá sé ar freagracht ag an CRU an tsábháilteacht a rialáil ar ghníomhaíochtaí peitriam in aghaidh srutha freisin, lena n-áirítear an gás agus an ola amach ón gcósta.

An Custaiméir a Chosaint

Maidir le fuinneamh agus uisce araon, tá feidhmeanna tábhachtacha cosanta custaiméirí ag an CRU, go háirithe a chinntiú go gcuirtear riachtanais chustaiméirí leochaileacha san áireamh. Soláthraíonn an CRU seirbhís réitigh díospóide freisin le haghaidh gearáin a bhíonn ag custaiméirí le cuideachtaí fuinnimh agus uisce. Tá an CRU ag tabhairt ceannaireacht i dtionscnaimh mhóra chun seirbhísí a chlaohlú, sa chlár náisiúnta um méadar cliste, mar shampla, a bhfuil sé d'aidhm aige an chéad ghlúin eile de mhéadair agus seirbhísí a thabhairt isteach.

An bhfuil an Fuinnimh AGAT?

Tá an CRU ag lorg daoine a bhfuil an-dul chun cinn iontu le tabhairt isteach san eagraíocht chun páirt a ghlacadh i dtodhchaí na hearnálacha fuinnimh agus uisce in Éirinn, go háirithe i ndáil leis na feidhmeanna eacnamaíochta, sábháilteachta agus cosanta custaiméirí atá ag an eagraíocht.

Más rud é gur mian leat a bheith i do bhall de chuid eagraíochta atá forásach fuinniúil, lena ndéantar leas an phobail a thiomáint ar aghaidh agus a chosaint sna réimsí príomhthábhachtacha i ngeilleagar na hÉireann agus i sochaí na hÉireann, mar sin seo í an eagraíocht is fearr a oireann leat. Tabharfar deis don té a cheapfar scileanna a fhorbairt agus taithí a fháil sa rialachán, sa cheapadh beartais, san anailís airgeadais, san oibriú meithle, san idirchaidreamh labhartha agus scríofa, agus sa bhainistíocht páirtithe leasmhara agus san idirbheartaíocht chomh maith.

Mar Anailísí Sinsearach, cuirfear dúshlán fút an saineolas teicniúil atá agat a fhorbairt agus tú ag cuidiú leis an CRU na cuspóirí straitéiseacha atá aige a bhaint amach. Cuirfidh an CRU tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil duit agus beidh neart deis agat chun teacht ar an fhorbairt ghairmiúil lena gcuideofar leat barr do chumas a bhaint amach agus polasaí rialála casta á chur i bhfeidhm agat

Cur Síos ar an bPost

Beidh an té a cheapfar ag obair faoi bhainisteoir, agus ról éagsúil a bheidh aige ina mbeidh sé ag obair chun spriocdhátaí dochta a bhaint amach i dtimpeallacht fhuinniúil. De ghnáth, bheadh sé i gceist i ról mar Anailísí Sinsearach leis an CRU gníomhaíochtaí a dhéanamh dála:

Ginearálta

- Ceannaireacht a thabhairt do thionscail laistigh den CRU, agus iad a chur i bhfeidhm, de réir mar a tharmligeann an bainisteoir.
- Ag déileáil le geallsealbhóirí ar bhealach dearfach inmheánacha agus seachtracha araon chun cur níos mó le cuspóirí an CRU.
- Ag feidhmiú mar an chéad phointe teagmhála do gheallsealbhóirí seachtracha áirithe.
- Meantóireacht a thabhairt d'Anailísithe Céimhithe agus d'Anailísithe araon laistigh den Choimisiún agus seisiúin aistriú eolais a dhéanamh chun an t-eolas, an tsaintaithí agus na rudaí uile atá foghlamtha a chomhroinnt.
- A bheith ag obair mar bhall foirne, agus a bheith ag tabhairt ceannaireacht ar fhoirne tionscadail ar leith, de réir mar a bhíonn gá leis;
- Ag dul i dteagmháil lena macasamhail d'oifigigh i dTuaisceart Éireann, san RA nó san AE chun an polasaí uile-oileánda nó an margadh uile-oileánda a phlé;
- Feasacht ar cad iad na forbairtí beartais agus an dea-chleachtas i dtionscal an fhuinnimh agus i dtionscal an uisce araon, agus i dtionscail atá gaolmhar leo siúd chomh maith, in Éirinn agus ar fud an domhan.

<p>Líonraí Leictreachais Líonraí Fuinnimh & an Dlí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Mar chuid d’fhoireann tras-dlínse beidh tú freagrach as raon tionscadal a sheachadadh atá riachtanach chun spriocanna 2030 na hÉireann a bhaint amach; • Príomhghnéithe den fhorbairt beartais do thionscadal Socruithe Todhchaí na Seirbhísí Córais a threorú, lena n-áirítear páipéir a dhréachtú agus anailís a dhéanamh; • Comhoibriú le comhghleacaithe in CRU, leis an Rialtóir Fónais i dTuaisceart Éireann agus le comhairleoirí seachtracha, agus tacú leo uile; • Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tionscail in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus san Eoraip, go háirithe na TSOanna in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann; • Maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail agus táirgí insoláthartha faoi stiúir an TSO agus idirghníomhaíochtaí idir ábhair a bhaineann le DS3, seirbhísí córais agus na socruithe margaidh níos leithne a aithint.
<p>An Comhlíonadh & an Forfheidhmiú Uisce, an Comhlíonadh & Gnóthaí Custaiméirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt d’fhoirne chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh eintiteas rialáilte san earnáil fuinnimh agus uisce maidir lena n-oibleagáidí faoin reachtaíocht, agus faoi cheadúnais agus cóid trí iniúchtaí agus imscrúduithe a dhéanamh; • Eisiúint gníomhartha forfheidhmithe CRU a threorú agus a bhainistiú; • Forbairt agus cur i bhfeidhm smachtbhannaí riaracháin agus caighdeáin an chórais feidhmíochta a threorú; • Forbairt nósanna imeachta inmheánacha agus treoir sheachtrach do gheallsealbhóirí a threorú; • Ionadaíocht a dhéanamh don CRU ag caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha.
<p>Uisce Uisce, an Comhlíonadh & an Forfheidhmiú agus Gnóthaí Custaiméirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil eacnamaíoch agus / nó airgeadais a

	<p>dhéanamh chun tacú leis an gceapadh beartais fianaisebhunaithe.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceannaireacht a thabhairt ar ghnéithe den fhorbairt beartais uisce, mar shampla forbairt straitéis caomhnaithe uisce an CRU de réir a fheidhmeanna reachtúla. • Tacaíocht a thabhairt don bhfoireann ceannaireachta um Rialú Ioncaim 4 (RC4) san athbhreithniú atá á dhéanamh ar an gCreat Rialála Eacnamaíoch d’Uisce Éireann agus chun feabhsúcháin a aithint maidir le rialáil dreasacht-bhunaithe a chur i bhfeidhm san earnáil uisce. • Cáipéisí comhairliúcháin agus cinnteoireachta de chuid an CRU a fhorbairt, tuarascálacha inmheánacha a ullmhú, agus láithrithe a thabhairt ar cheisteanna uisce agus ceisteanna trasearnála laistigh den eagraíocht agus laistigh di chomh maith; • Cur le comhroinnt eolais agus anailís chomhoibritheach eacnamaíoch ar fud na heagraíochta i ngach earnáil a rialaíonn an CRU.
<p>Margaí Miondíola & an Mhéadracht Chliste Margaí Fuinnimh & an Mhéadracht Chliste</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt beartais, bainistíocht tionscadail agus cur i bhfeidhm a threorú ar fud rannáin CRU, agus, le páirtithe leasmhara seachtracha. Áireofar leis seo na dualgais shonracha seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: • Athbhreithniú, breithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt bheartais, phróisis agus shaincheisteanna méadraithe cliste agus margaí fuinnimh de réir mar a thagann siad chun cinn, agus léargas eolasach a sholáthar de réir mar is gá le haghaidh obair bheartais lárnach CRU de réir mar is gá; • Ionadaíocht an CRU a threorú ag príomhchruinnithe agus grúpaí

	<p>rannpháirtíochta geallsealbhóirí miondíola agus méadraithe cliste de réir mar is gá;</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuidiú le bainistíocht chomhairleoirí seachtracha an CRU le haghaidh táirgí insoláthartha éagsúla de réir mar is gá; • Ceannaireacht a thabhairt don fhorbairt cumarsáide scríofa lena n-áirítear (m.sh.) comhairliúcháin, cinntí, cur i láthair de réir mar is gá.
--	--

Ní liosta iomlán é an ceann atá thuasluaite.

Cé gur le foireann ar leith sa CRU a ainmneofar an té a cheapfar, beifear ag súil leis go mbeidh sé nó sí ag cur leis an obair atá á déanamh sa Rannán / sa CRU iomlán de réir mar a oireann riachtanais na heagraíochta.

An tIarrthóir –

Critéir Riachtanacha:

- Céim onórach 2.1 (Leibhéal 8 NFQ), agus bheadh sé inmhianta an chéim sin a bheith san eacnamaíocht nó sa dlí, san innealtóireacht, san eolaíocht, san airgeadas, sa ghnó, sa sláinte agus sábhailteacht, nó i ndisciplín atá neasghaolmhar leo.
- Taithí 3 bliana, ar a laghad, ar a bheith ag obair i ról comhchosúil san earnáil rialála, fuinnimh, slándála, nó in earnáil an uisce, i dtionscad próiseáilleadh, nó in earnáil gaolmhar leo siúd.
- Inniúlachtaí ábhartha:
 - i. Beidh scileanna anailíseacha agus cinnteoireachta maithe aige nó aici.
 - ii. Beidh sé nó sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna cumarsáide sármhaithe, idir scileanna labhartha, scileanna scríofa agus scileanna idirphearsanta, aige nó aici.
 - iii. Beidh scileanna féinspreagtha agus féinbhainistíochta aige nó aici.
 - iv. Beidh sé nó sí ina féindúisire ilchumasach/

Critear inmhiannaithe

(Don tól sa Chomhlíonadh & an Forfheidhmiú amháin)

- Taithí ar imscrúduithe rialála agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe a dhéanamh.
- Taithí ar an mbainistíocht cásanna, lena n-áirítear comhaid cháis a chothabháil agus cás a chur ar aghaidh ón ngearán tosaigh go dtí chéim an chlabhsúir.

(Don ról maidir le huisce amháin)

- Taithí phraiticiúil ar choincheapa eacnamaíocha agus airgeadais a chur i bhfeidhm i saincheisteanna beartais
- Eolas maith a bheith agat ar an micreacnamaíocht agus ar a chur i bhfeidhm sa rialáil eacnamaíoch

An Phacáiste

Tá pacáiste tharraingteach á thairiscint againn:

- Tuarastal tosaigh de €51,912 (Scála tuarastail: €51,912 - €65,466)
Ba cheart d'iarthóirí a thabhairt faoi deara gurb é an chéad phointe den scála cuí an ráta pá a thairgfear agus féadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.
Tabhair do d'aire: Feáfar scála tuarastail éagsúil a bheith bainteach más rud é go raibh an té a cheapfar ina bhall d'eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí / na státseirbhíse agus é ag freastal mar amhlaidh díreach roimh dó a bheith ceaptha.
- Scéim Pinsin
- Féadfar incrimintí a bheith dáfa más rud é go bhfuil an fheidhmhíocht go sásúil.
- Rochtain ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- 25 lá de shaoire bhliantúil ag tús a cheapacháin, 29 lá tar éis 5 bliana de sheirbhís agus 31 lá i ndiaidh 10 mbliana de sheirbhís
- 9 lá saoire bhainc / phoiblí
- Socrúithe oibre solúbtha
- An deis chun bheith ag obair ó chian suas go 3 lá sa tseachtain
- Bus / luas saor ó chain chun cuidiú leat leis an costas taistil idir baile agus obair
- Rochtain ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe
- Deiseanna breisoideachas le fáil as seo amach

An Próiseas Iarratais

Tabhair do d'aire, tá CRU tar éis RSM Ireland a fhostú mar phróiseálaí sonraí chun cuidiú leo leis an gcomórtas earcaíochta seo. Baileoidh RSM Ireland faisnéis maidir leis na hiarratais agus déanfaidh siad measúnacht ar a n-oiriúnacht sin thar ceann an CRU. Beidh an fhaisnéis a bhailíonn RSM Ireland ar coimeád le haghaidh 12 mhí tar éis dheireadh an chomórtais.

BA CHEART C.V. agus litir chumhdaigh a chur (trí ríomhphost) chuig Abigail Gannon ag CRUcareers@rsmireland.ie.

Ba cheart go léireofar go soiléir conas a sásaíonn tú bunriachtanais an ról seo sa litir chumhdaigh. Léirigh le do thoil, an ról / na ról is fearr leat in ord tosaíochta.

Sa chás go bhfuil iliomad post ar fáil faoi aon fheachtas amháin, cuirfidh an CRU painéil i mbun ar aon dul leis an ord fiúntais. Sa tslí sin a ndéanfar an cinneadhcnén t-iarthóir a thairgfear agus, sa deireadh, cé a cheapfar ina phost.

Fágann sé sin go dtairgfear an chéad rogha don agalláí ar an scór is airde ar an bpost is fearr leis, an dara hiarrthóir is airde scór ar fearr leis an bpost / na poist atá fágtha agus mar sin de. Leanfaidh sé seo ar aghaidh go dtí go líonfar gach post.

I gcás go dtiocfaidh folúntais amach anseo ar fud an CRU, úsáidfean an próiseas céanna go dtí go mbeidh an painéal ídithe nó go mbeidh dáta éaga sroichte aige. Ní fios na cad iad na folúntais a bheidh ann go díreach faoi láthair agus d'fhéadfadh siad a bheith ar lonnaithe in aon Stiúrthóireacht amháin nó in gach aon Stiúrthóireacht.

Sa chás go ndiúltaíonn iarrthóir post, lena n-áirítear na folúntais láithreacha (e.g. bunaithe ar gan an post is fearr leis a fháil, forghéillfidh an t-iarrthóir a phost ar an bpainéal.

Téigh i dteagmháil le CRUcareers@rsmireland.ie má bhíonn aon fhiosrú agat.

Is é an 5 Samhain 2021 dáta deiridh le haghaidh na n-iarratas (agus ní mór iad a fháil faoi 5 a chlog sa tráthnóna ag a deireanaí).

Tabhair do d'aire:

Ba cheart go n-iarrfar ar iarrthóirí freastal ar agallamh agus féadfar go n-iarrfar air nó uirthi léiriú gearr a dhéanamh ar thasc achomair a chuirfean ar aghaidh chuige roimh an agallamh. Féadfar gur próiseas agallaimh dhá-chéime a bheidh i gceist. Féadfar don CRU gearrliosta de na hiarrthóirí oiriúnacha a chur le chéile le haghaidh poist a bhféadfar teacht suas san eagraíocht amach anseo.

Tá an bealach ina dtugaimid cosaint do chearta príobháideachais na hiarrthóirí ar phoist leagtha amach i bhFógra Príobháideachais an CRU i leith na hEarcaíochta atá ar fáil ar an leathanach ar Ghairmí ar shuíomh gréasáin an CRU (<https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2018/05/GDPR-Recruitment-Data-Privacy-Notice-May-2018.pdf>) nó, de mhalairt air sin, is féidir teagmháil a dhéanamh le CRUcareers@rsmireland.ie chun socrú a dhéanamh go seolfar é sin chugat go díreach.